

A Thig Ná Tit Orm | le Maidhc Dainín Ó Sé

Saol Scoile: Níor thaitin na ceachtanna scoile (*lessons*) le Maidhc. Bhí an scoil thar a bheith dian fadó toisc go raibh an pionós corprach (*corporeal punishment*) fós i bhfeidhm. Bhí eagla ar gach duine roimh an 'máistir' mar ní raibh drogall air (*he wasn't reluctant to*) úsáid a bhaint as an bhfuinseog (*the ash*). Is maith is cuimhin le Maidhc (*he remembers well*) cuairt an chigire (*inspector*), agus bhí tine ar a chraiceann (*on edge*) an lá sin. Níor thaitin an scoil leis, ach rinne sé cairde maithe ann agus bhí ainm aige mar 'thógálaí trioblóide' (*trouble maker*). Theip air sa scrudú iontrála (*entrance exam*) don mheánscoil, agus ansin cheap sé go raibh sé saor ach bhí smaointe difriúla ag a mham, agus chuir sí iachall air dul chuig an gceardscoil (*tradeschool*) sa Daingean. Faoi deireadh, chuaigh Maidhc ann agus bhí sé an-shásta sa cheardscoil. Bhí an-bhéim (*emphasis*) ar na hábhair phraicticúla agus bhí Maidhc go maith ag obair lena lámha. Rinne sé tionscnamh adhmaadóireachta (*woodwork project*) agus rinne an rang naomhóg. Cé nach raibh morán suime ag Maidhc sa scolaíocht, bhláthaigh sé (*he blossomed*) sa cheardscoil.

Saol Teaghlach: Bhí an-chion (*fond*) aige ar a mham. Ba dhuine údarásach, ciallmhar agus tuisceanach í. Chaith sí na bríste sa teach! Bhí ionchais arda aici (*high expectations*) do Mhaidhc. Ba mhian léi go mbeadh sé ina mhúinteoir agus dá bhrí sin, rinne sí a dícheall (*she did her best*) é a spreagadh i dtreo na leabhar (*to push/encourage him towards the books*). Áfach, ní raibh spéis dá laghad ag Maidhc i gcursaí scoile agus mar sin bhí siad in adharca a chéile (*at loggerheads*) ó am go ham. Bhí rún daingean aici (*determined*) nach mbeadh Maidhc ina 'sclabhaí sluaiste' (*slave of the shovel*). Ag an am, bhraith Maidhc go raibh sé faoin

ordóg (*under the thumb*) ach, níos déanaí, thuig sé gur thug sí comhairle mhaith dó (*good advice*).

Bhí caidreamh deacair aige lena dhaid. Ba dhuine lasánta (*fiery*), tostach (*taciturn*) agus traidisiúnta é. Bhí eagla ar Mhaidhc roimhe mar nuair a bhí sé i dtrioblóid, thug a dhaid bascadh (*beating*) pianmhar dó. Freisin, choiméad a dhaid a lán rudaí leis féin. Mar shampla, nuair a fuair Maidhc an bosca ceoil, bhí iontas (*amazement*) ar gach duine go raibh daid in ann é a sheinnt. Dúirt a bhean chéile, "Táim pósta leis an bhfear sin le fiche blian agus ní raibh fhios agam go raibh nóta ina cheann". D'oibrigh a dhaid go dian dícheallach (*very hard*) chun bia a chur ar an mbord agus chun rudaí eile a sholáthar (*provide*) dó. Bhí an obair an-deacair ag an am, mar ní raibh aon innealra (*machinery*) ann.

Bhí cúpla deartháir ag Maidhc, ach bhí siad níos sine ná sise agus chuaigh an chuid is mó dóibh ar imirce (*most of them emigrated*). Bhí deartháir amháin, Paidí, ag obair don chomhairle contae, agus bhí na spéiseanna céanna acu (*same interests*), mar shampla, cheannaigh siad an bosca ceoil le chéile.

Caitheamh Aimsire: Ó thaobh caithimh aimsire de, bhí an 'bothántaíocht' (*house-visiting*) go mór chun tosaigh. Istoíche (*at night*), théadh daoine ó theach go teach ag insint scéalta, ag imirt cartaí, ag ól agus ag seinm ceoil traidisiúnta. Bhí cúpla daoine i ngach ceantar agus bhí ainm in árd acu (*good reputations*) don scéalaíocht. Tugadh 'seanacháí' dóibh (*they were called seanacháí*), agus cuireadh fáilte mór rompu i ngach uile áit a chuaigh siad.

Bhí Maidhc an-tógtha leis an bpeil ghaelach. D'imir siad gach lá tar éis scoile agus ag ám lóin. Bhí na cluichí an-gharbh (*very rough*) mar ní raibh aon rialacha nó réiteoir acu. Ní raibh aon trealamh (*equipment*) acu agus d'úsáid siad liathróid bheag rubair agus clocha mar chúaillí

(rocks as goalposts). Áfach, bhain siad sult as, agus sa mhéanscoil bhuaigh scoil Mhaidhc an chraobh chontae agus an chraobh náisiúnta.

An Áit: Rugadh agus togadh Maidhc i ngaeltacht Corca Dhuibhne i gcontae Ciarraí. Gan aon agó, bhí an bochtanas (*poverty*) le feiscint go furtleathan (*widespread*) sa cheantar. Nuair a bhí Maidhc ag fás aníos (*growing up*). Ní raibh morán airgid nó earraí acu ach bhí an muintearas (*community spirit*) ann ina hionaid (*instead*) agus an bród dúchais beo beathach (*alive and well*). Ní raibh aon leictreachas ann, ní raibh a lán áiseanna ann agus ní raibh ach dhá raidió sa pharóiste! In ainneoin seo (*despite this*), réitigh gach duine le chéile (*everyone got on well together*) agus bhraith siad ar a chéile (*depended on each other*) freisin. Bhí na comharsana i gcónaí ag faire amach do gach duine eile (*watching out for*) agus bhí siad lán sásta na rudaí a bhí acu a roinnt (*to share*). Tóg mar shampla, an raidió. Nuair a bhí Ciarraí ag imirt i bPáirc an Chrócaigh, tháinig slua mór chuig teach Mhaidhc, bhailigh siad le chéile sa seomra suí agus d'éist siad leis an tráchtair (*the commentator*). Chloisfeá biorán ag titim (*a pin drop*) sa seomra! Uaireanta nuair a tháinig an iomarca daoine, d'oscail siad an fhuinneog agus sheas daoine lasmuigh, sa ghairdín ag éisteacht leis. Léiríonn an eachtra seo go raibh daoine an-chompórdach lena gcéile.

Nuair a bhí Maidhc óg, bhí cúlú eacnamaíochta (*economic downturn*) ag reabhadh tríd na tíre agus bhí gach áit ag fulaingt, an ghaeltacht ach go háirithe (*especially*). Bhí na háiteanna seo ag dul i léig (*declining*) agus bhí an ráta dífhostaíochta ag ardú as cuimse (*rising greatly*). Bhraith daoine ar iascaireacht agus ar fheirmeoireacht (*fishing and farming*). Ní raibh aon fhostóirí móra (big employers) in aice láimhe. Dá bhrí sin, ní raibh an dara rogha ag an-chuid daoine (*a lot of people had no other choice...*) ach an bád bán a thógail (*to emigrate*) thar

lear, ag lorg oibre. De ghnáth (*usually*), ní fheicfidís an ghaeltacht riamh arís (*they would not see the Gaeltacht ever again*).

Ar an iomlán, bhí saol crua ach sásúil acu i gCorca Dhuibhne.

Stíl: Tríd na dírbheatháisnéise (*autobiography*) ar fad, úsáideann Maidhc gnáthchaint na ndaoine. Úsáideann sé canúint na Mumhan (*munster dialect*) agus is cuma leis faoin gcaighdeán oifigiúil (*the official standard Irish*). Dá bhrí sin, tá rithim nádurtha, draíochtúil le chloisteáil ann.

Is scéalaí den chéad scoth é. Tá sé éasca Maidhc a shamhlú (*to imagine*) ag insint scéalta dúinn cois tine. Tá a stíl scríbhneoireachta simplí ach beo bríomhar (*lively*). Tá cuid de na heachtraí (*some of the incidents*) thar a bheith greannmhar, tóg mar shampla an eachtra leis na tincéirí, scéal na ndubh agus a chéad lá ar scoil. Ní féidir ach gáire amach ós ard (*you can't but laugh out loud*).